A1 Topaic 12

06 An tSaoire

Labhairt

2

## 06 An tSaoire

**Le múineadh:**

- Ag fiafraí de dhuine cé a bhí leis ar saoire agus an cheist sin a fhreagairt agus tuairimí a lorg agus a thabhairt faoin áit.

3

Bileog

An tSaoire

Cártaí Comhluadair

4

## *Cé a bhí leat?*

- *Cé a bhí leat?*
- Smaoinigh ar na focail a bhaineann le gaolta agus cairde a d'fhoghlaim tú go dtí seo, an bhféadfá an cheist sin a fhreagairt.

5

## Cé a bhí leat?

- mo + mac = ?
- mo + iníon = ?
- mo + athair = ?
- mo + máthair = ?
- mo + deartháir = ?
- mo + deirfiúr = ?
- mo + fear céile = ?

6

## Cé a bhí leat?

| | |
|---|---|
| mo + mac = ? | ***mo mhac*** |
| mo + iníon = ? | ***m'iníon*** |
| mo + athair = ? | ***m'athair*** |
| mo + máthair = ? | ***mo mháthair*** |
| mo + deartháir = ? | ***mo dheartháir*** |
| mo + deirfiúr = ? | ***mo dheirfiúr*** |
| mo + fear céile = ? | ***m'fhear céile*** |

7

©GaeilgegoDeo 2024

## Cé a bhí leat?

- *mo mhac*
- *m'iníon*
- *m'athair*
- *mo mháthair*
- *mo dheartháir*
- *mo dheirfiúr*
- *m'fhear céile*
- *mo bhean chéile*
- *mo thuismitheoirí*
- *mo pháirtí*
- *mo theaghlach*
- *mo chlann (= páistí)*
- *mo chara*
- *mo chairde*

8

## Cártaí Comhluadair

*Nuair a bhí tú ar laethanta saoire, cé a bhí leat?*


Féach ar an mbileog **An tSaoire - Cártaí Comhluadair**

Lig ort féin go raibh tú ar saoire le Éireannach cáiliúil ar an gcárta agus gur gaol leo iad,

Mar shampla: *Bhí mo dheartháir Liam Neeson liom.*


9

## Nuair a bhí tú ar laethanta saoire, cé a bhí leat?



**Sandra Bullock**


**Pierce Brosnan**





**Colin Farrell**

**Connor McGregor**



10

©GaeilgegoDeo 2024

**Nuair a bhí tú ar laethanta saoire, cé a bhí leat?**



Theresa May

Tiger Woods





Michael Fassbender

Bob Geldoff



11

**Nuair a bhí tú ar laethanta saoire, cé a bhí leat?**



Beyonce

Leonardo Dicaprio





Leo Varadkar

Saoirse Ronan



12

## Tuairimí a lorg agus a thabhairt

- Conas tuairimí a lorg agus a thabhairt faoin áit a raibh tú ar saoire.

- *Ar thaitin an áit leat?*
- *Ar thaitin an bia leat?*
- *Ar thaitin an aimsir leat?*
  - *Thaitin / Níor thaitin*

13

©GaeilgegoDeo 2024

## Taitin

- **Ar thaitin an áit leat?**
  - Thaitin
  - Níor thaitin
- **Ar thaitin an bia leat?**
  - Thaitin
  - Níor thaitin
- **Ar thaitin an aimsir leat?**
  - Thaitin
  - Níor thaitin

14

## Taitin

- Féach ar struchtúr na ceiste ar feadh cúpla soicind.
- Cad a thugann tú faoi deara?

15

## Taitin

- **Ar thaitin an áit leat?**
  - Thaitin
  - Níor thaitin
- **Ar thaitin an bia leat?**
  - Thaitin
  - Níor thaitin
- **Ar thaitin an aimsir leat?**
  - Thaitin
  - Níor thaitin

16

©GaeilgegoDeo 2024

## Taitin

- Ní úsáidtear ***mé*** leis an mbriathar seo.
- Cuirtear an réamhfhocal agus an forainm réamhfhoclach ***le*** leis.

17

## Taitin + *le*

- Thaitin sé ***liom***
- Thaitin sé ***leat***
- Thaitin sé ***leis***
- Thaitin sé ***léi***
- Thaitin sé ***linn***
- Thaitin sé ***libh***
- Thaitin sé ***leo***

18

## Taitin

- **Ar thaitin an áit leat?**
- **Ar thaitin an bia leat?**
- **Ar thaitin an aimsir leat?**
- Cad a cheapann tú faoin riail maidir le ceisteanna a chur san aimsir chaite?

19

©GaeilgegoDeo 2024

## An Aimsir Chaite

- Úsáidtear **Ar** agus **Níor** san aimsir chaite
- Ar g*h*ortaigh tú?
- Ar b*h*ris tú?
- Ar g*h*earr tú?

- G*h*ortaigh / **Níor** g*h*ortaigh
- B*h*ris / **Níor** b*h*ris
- G*h*earr / **Níor** g*h*earr

20

## An Aimsir Chaite

- Cuirtear **séimhiú** ar **chonsain** san aimsir chaite.
- Cuirtear ***d'*** roimh **ghutaí** agus ***f***.

21

## An aimsir chaite

- **fan**
  - ***Ar*** f*h*an?
  - ***D'*** f*h*an *Níor* f*h*an
- **taitin**
  - ***Ar*** t*h*aitin an áit leat?
  - T*h*aitin *Níor* t*h*aitin

22

©GaeilgegoDeo 2024

## An aimsir chaite

- **cas**
  - ***Ar*** c***h***as tú ar...?
  - C***h***as ***Níor*** c***h***as
- **ól**
  - ***Ar*** ól tú...?
  - ***D'***ól ***Níor*** ól

23

## An aimsir chaite

- **ith**
  - ***Ar*** ith tú...?
  - ***D'***ith ***Níor*** ith

24

## An aimsir chaite

***Ar + séimhiú ar an mbriathar***

| | | |
|---|---|---|
| • *fan* | *Ar fhan tú i...?* | *D'fhan/Níor fhan.* |
| • *taitin* | *Ar thaitin an áit leat?* | *Thaitin/Níor thaitin.* |
| • *cas* | *Ar chas tú ar...?* | *Chas/Níor chas.* |
| • *ól* | *Ar ól tú...?* | *D'ól/Níor ól.* |
| • *ith* | *Ar ith tú...?* | *D'ith/Níor ith.* |

25

©GaeilgegoDeo 2024

## An aimsir chaite

- Sin an tslí a gcuirtear ceist san aimsir chaite i gcás fhormhór na mbriathra sa Ghaeilge.
- Tá roinnt briathra neamhrialta ann agus seo ceann a bhfuil feicthe agat cheana féin.
- ***An raibh*** *tú sa Spáinn?* ***Bhí/Ní raibh***.

26

## An aimsir chaite

- An raibh tú ar laethanta saoire i mbliana?
- Ar ól tú Sangria nuair a bhí tú sa Spáinn?
- Ar ith tú haggis nuair a bhí tú in Albain?
- Ar fhan tú i dteach saoire?

27

## An aimsir chaite

- An raibh tú***sa*** / ***tú féin*** ar laethanta saoire i mbliana?
- Ar ól tú***sa*** / ***tú féin*** Sangria nuair a bhí tú sa Spáinn?
- Ar ith tú***sa*** / ***tú féin*** haggis nuair a bhí tú in Albain?
- Ar fhan tú***sa*** / ***tú féin*** i dteach saoire?

28

©GaeilgegoDeo 2024

**Bileog**

**An tSaoire**

**Críochnaigh na ceisteanna**

29

## Críochnaigh na ceisteanna

- Críochnaigh na ceisteanna seo a leanas leis na briathra cuí.
- Ansin, cum ceist amháin nua.
- Léigh na ceisteanna go léir amach os ard.
- Freagair na ceisteanna ó bhéal.

30

## Críochnaigh na ceisteanna

- Má tá páirtnéir nó study buddy agat déan cleachtadh mar seo a leanas
- Cuirfidh Duine A a ceisteanna 1-6 agus a cheist féin ar Dhuine B.
- Tabharfaidh Duine B freagraí ar na ceisteanna sin.
- Éist go géar le freagraí Duine B.
- Ansin, cuirfidh Duine B ceisteanna 7-12 agus a cheist féin ar Dhuine A.

31

©GaeilgegoDeo 2024

## Críochnaigh na ceisteanna

- Tabharfaidh Duine A freagraí ar na ceisteanna sin.
- Éist go géar le freagraí Duine A.
- Déan iarracht úsáid a bhaint as an tuiseal gairmeach nuair a bheidh na ceisteanna á gcúr agaibh,
- Mar shampla:
- *A Shéamuis, ar ól tú fíon nuair a bhí tú sa Fhrainc?*

32

## Críochnaigh na ceisteanna - Freagraí

1. **Ar ól** tú fíon nuair a bhí tú sa Fhrainc?
2. **Ar thaitin** an áit leat?
3. **Ar ith** tú *patatas bravas* nuair a bhí tú sa Spáinn?
4. **Ar fhan** tú in óstán nó i mbrú?

33

## Críochnaigh na ceisteanna - Freagraí

5. **Ar chas** tú ar dhaoine deasa nuair a bhí tú ann?
6. **An raibh** tú ar laethanta saoire in Éirinn?
7. **Ar ól** tú *Ouzo* nuair a bhí tú sa Ghréig?
8. **Ar thaitin** an áit agus an bia leat?

34

©GaeilgegoDeo 2024

## Críochnaigh na ceisteanna - Freagraí

9. Ar ith ______ tú sicín Basque nuair a bhí tú i Biarritz?

10. Ar fhan ______ tú i bpuball nó i gcarbhán?

11. Ar chas ______ tú ar dhaoine áitiúla nuair a bhí tú ann?

12. An raibh ______ tú ar laethanta saoire sa Róimh?

35

**Bileog**

**An tSaoire**

**Bronntanas de bhriathra!**

36

## Bronntanas de bhriathra!

- Tá go leor briathra clúdaithe.
- Tiocfaidh briathar suas ar an sleamhnán.
- Beidh ort ceist a chumadh leis an mbriathar atá ar an gcárta agus ansin an cheist sin a fhreagairt.
- Ansin, tiocfaidh briathar eile suas.
- Lean ar aghaidh mar sin go dtí nach bhfuil aon bhriathar fágtha.
- Níl cead aon athrá a dhéanamh.

37

©GaeilgegoDeo 2024

**Bronntanas de bhriathra!**

ól
ith
taitin
caith
fan
cas
imir
bí

38

**Aidiachtaí**

- Déan ransú intinne ar na haidiachtaí a d'úsáidfeá agus tú ag labhairt faoi laethanta saoire.
- Tabhair nóiméad nó dhó chun é seo a dhéanamh.
- Scríobh na haidiachtaí ar fad síos.

39

**Aidiachtaí**

- *deas*
- *álainn*
- *saor*
- *fuar*
- *cairdiúil*
- *daor*
- *te*
- *fliuch*

40

©GaeilgegoDeo 2024

## Aidiachtaí

- An féidir leat ainmfhocail a nascadh le gach ceann de na haidiachtaí atá ar an gclár,
- Mar shampla:
  - *Bhí an bia saor*.
- Déan iarracht abairtí iomlána a chruthú.
- Mar shampla:
  - *fuar agus aimsir*
  - *Bhí an aimsir fuar.*

41

## Aidiachtaí

- *deas*
- *álainn*
- *saor*
- *fuar*
- *cairdiúil*
- *daor*
- *te*
- *fliuch*

42

## Aidiachtaí

- Bhí an áit deas.
- Bhí na daoine cairdiúil.
- Bhí an bia saor.
- Bhí an deoch daor.
- Bhí an aimsir te.

43

©GaeilgegoDeo 2024

## Aidiachtaí

- Bhí an aimsir fliuch.
- Bhí an t-óstán mór.
- Bhí an carbhán beag.
- Bhí an trá fada.
- Réimíreanna?

44

## Aidiachtaí

- An bhfuil aon réimíreanna ar eolas agat ar féidir leat a chur roimh na haidiachtaí?
- Cuimhnigh ar ***an-*** agus ***ró-***
- (Féach **Topaic 4 Teach agus Lóistín** agus **Topaic 11 Éadaí agus Siopadóireacht**)
- Anois an féidir leat na habairtí céanna a rá ach le ***an-*** agus ***ró-*** roimh na haidiachtaí.

45

## Réimíreanna

- **ró?**
- **an-?**
- Cuireann na réimíreanna seo séimhiú ar thúschonsan na haidiachta.
- Ní chuireann ***an-*** séimhiú ar aidiacht a thosaíonn le ***d, t, s***.
- Ní féidir séimhiú a chur ar ghuta ar ndóigh, mar sin ní bhíonn aon athrú tar éis na réimíreanna seo ar aidiacht a thosaíonn le guta.

46

©GaeilgegoDeo 2024

## Aidiachtaí

- Bhí an áit an-deas.
- Bhí na daoine an-chairdiúil.
- Bhí an bia an-saor.
- Bhí an deoch an-daor.
- Bhí an aimsir an-te.

- Bhí an áit ródheas.
- Bhí na daoine róchairdiúil.
- Bhí an bia róshaor.
- Bhí an deoch ródhaor.
- Bhí an aimsir róthe.

47

## Aidiachtaí

- Bhí an aimsir an-fhliuch.
- Bhí an t-óstán an-mhór.
- Bhí an carbhán an-bheag.
- Bhí an trá an-fhada.

- Bhí an aimsir rófhliuch.
- Bhí an t-óstán rómhór.
- Bhí an carbhán róbheag.
- Bhí an trá rófhada.

48

©GaeilgegoDeo 2024